



Gaeilge

An tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge

Roinnt Moltaí do Sheachtain na Gaeilge 2008

Agus Seachtain na Gaeilge (3 – 17 Márta) ag druidim linn, tá deis iontach againn mar mhúinteoirí Gaeilge tuilleadh deiseanna a chur ar fáil do scoláirí an Ghaeilge a labhairt agus spraoi a bhaint aisti. Sa bhileog eolais seo, gheofar smaointe faoi imeachtaí agus faoi ghníomhaíochtaí is féidir a reáchtáil sa seomra ranga nó sa scoil agus eolas faoi na suímh idirlín éagsúla atá bainteach le Seachtain na Gaeilge.


Tá fóram cainte anois ar shuíomh na Seirbhíse Tacaíochta don Ghaeilge (www.slss.ie) agus is í Topaic na Míosa don mhí seo ná *Seachtain na Gaeilge*. Is iontach an áis í an fóram le smaointe a mhalartú le múinteoirí Gaeilge eile maidir le céard atá beartaithe agaibh do Sheachtain na Gaeilge. Ar an gcaoi seo, cuirfear le tobar na bhféidearthachtaí agus beidh foinse shaibhir smaointe ann do gach múinteoir. Bainigí triail as!

Dála an scéil, tá an dlúthdhiosca *Ceol '08* anois ar díol sna siopaí. Bainigí spraoi as Seachtain na Gaeilge!













Moladh - Coimeád an bhileog eolais seo i bhfillteán Roinn na Gaeilge. Is féidir í a íoslódáil freisin ónár suíomh idirlín.

Liosta de roinnt de na suímh idirlín úsáideacha atá bainteach le Seachtain na Gaeilge:

- www.slss.ie agus cliceáil ar  : Topaic na míosa ar an bhfóram ná *Seachtain na Gaeilge*.
- www.snag.ie: eolas faoi imeachtaí áitiúla atá ar siúl, na comórtais atá eagraithe agus na gníomhaíochtaí is féidir a úsáid sa seomra ranga nó sa scoil i gcoitinne. Chomh maith leis sin, tá lámhleabhar meánscoile le híoslódáil ar www.snag.ie agus tá naisc chuig suímh eile atá bainteach le Seachtain na Gaeilge.
- www.gaeilge.ie: eolas anseo faoi go leor rudaí a bhaineann leis an nGaeilge agus le múineadh na Gaeilge, m.sh. acmhainní múinte, ranganna agus grúpaí comhrá.
- www.rte.ie/seachtainnagaeilge: eolas anseo faoi na cláir Ghaeilge a chraolfar ar Raidió agus ar Theilifís RTÉ agus na míreanna Gaeilge a bheidh le cloisteáil chomh maith ar chláir éagsúla.
- www.tg4.tv agus www.tg4.ie: eolas faoi chláir TG4.
- www.nuim.ie/oifignagaeilge: eolas faoi na himeachtaí a bheidh ar siúl in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad le linn Seachtain na Gaeilge
- www.imeall.blogspot.com: podchraoltaí i nGaeilge faoi ábhair éagsúla (Seachtain na Gaeilge san áireamh) is féidir a úsáid mar cheachtanna cluastuisceana sa rang.
- www.stpatricksfestival.ie/cmc/events: eolas faoi na himeachtaí éagsúla atá ar siúl do Lá 'le Pádraig.
- www.antoireachtas.ie: Brúigh an nasc 'Fís agus Fuaim' le féachaint ar agus le héisteacht le cuid de na hamhráin a canadh ag an Oireachtas i mbliana.
- www.bebo.com/SeachtainNaGaeilge; www.bebo.com/SnaGceol1; www.myspace.com/snageol
(Má tá suíomh ar bith eile a bheadh úsáideach do Sheachtain na Gaeilge, cuir ar an eolas muid, le do thoil, trí dhul ar an bhfóram (www.slss.ie) nó trí ríomh-phost a chur chugainn ag gaeilge@slss.ie)

Roinnt féidearthachtaí do Sheachtain na Gaeilge i do scoil-se:

(Déantar tagairt ó am go chéile thíos don leabhrán a úsáideadh ag na ceardlanna Gaeilge a reáchtáladar i mbliana. Tá an leabhrán seo ar fáil freisin ar ár suíomh idirlín agus tá treoirlínte do chuid de na gníomhaíochtaí thíos ann.)

| | |
|---|---|
|  | Gníomhaíocht 1: Maidin Ghaeilge a eagrú Gnó uile na scoile trí Ghaeilge; siopa ag am sosa; srl. |
|  | Gníomhaíocht 2: Comórtas a eagrú Comórtas filíochta; comórtas amhrán (amhrán Béarla a aistriú go Gaeilge, amhrán Gaeilge nua a chumadh); comórtas dheardh postaeirí; comórtas dheardh cártaí, srl. |
|  | Gníomhaíocht 3: Fógraí idirchum a dhéanamh i nGaeilge le linn Sheachtain na Gaeilge. |
|  | Gníomhaíocht 4: “Pictionary” trí Ghaeilge. |
|  | Gníomhaíocht 5: Raidió scoile Gaeilge a chur i láthair ar idirchum na scoile. |
|  | Gníomhaíocht 6: Íslíú praghais a thabhairt d’aon dalta a ordaíonn i nGaeilge i siopa na scoile. Gheobhaidh sé/sí íslíú praghais nó cuirfear a (h)ainm isteach i gcrannchur. |
|  | Gníomhaíocht 7: Lúbra Focal Féach an bhileog iniata le haghaidh lúbra focal a bhaineann le Seachtain na Gaeilge. Nó, dear do cheann féin trí úsáid a bhaint as www.tobar.ie (Hot Potatoes) nó www.puzzlemaker.com nó www.funbrain.com |
|  | Gníomhaíocht 8: Foghlaim Chomhoibhritheach - an cluiche “Cas an Buidéal” bainteach le topaicí Gaelacha. |
|  | Gníomhaíocht 9: Léamhthuiscint – foghlaim chomhoibhritheach (lth. 10 sa leabhrán) Moltar úsáid a bhaint as an modh seo i gcomhthéacs aon leathanach a íoslódálar ó shuíomh idirlín atá bainteach le Seachtain na Gaeilge, mar shampla an leathanach idirlín ar www.snag.ie faoi Aoife Ní Thuairisg agus Daithí Ó Sé. |
|  | Gníomhaíocht 10: Scéal an Athrá (lth. 14 sa leabhrán) Scéal an Athrá bunaithe ar an téama Seachtain na Gaeilge. Tá ceann samplach iniata. |

Gníomhaíocht 11: Líne na Beatha 2 (lth. 15 sa leabhrán). Spreagfaidh an straitéis seo díospóireacht sa rang.

Seo ráitéis shamplacha is féidir a úsáid:

- Tá *Bebo* níos fearr ná *Facebook*. Aontaím/ní aontaím/idir dhá chomhairle?
- Caitheann buachaillí an lae inniu i bhfad níos mó ama sa seomra folctha ná mar a chaitheann cailíní. Aontaím/ní aontaím/idir dhá chomhairle?
- Bíonn cailíní níos cliste ná buachaillí. Aontaím/ní aontaím/idir dhá chomhairle?
- Le haghaidh rásaíocht railí carranna tá an Subaru Impreza níos fearr ná an Ford Focus. Aontaím/ní aontaím/idir dhá chomhairle?
- Bíonn sé i bhfad níos taitneamhaí tréimhse a chaitheamh i gcoláiste samhraidh ná dul ar saoire le do chlann. Aontaím/ní aontaím/idir dhá chomhairle?
- Tá na héadaí sa siopa _____ i bhfad níos deise ná na héadaí sa siopa _____ . Aontaím/ní aontaím/idir dhá chomhairle?
- Tá an iris _____ níos fearr ná an iris _____. Aontaím/ní aontaím/idir dhá chomhairle?
- Tá an fhoireann iománaíochta/cispheile/rugbaí (ainm an chlub/chontae) níos fearr ná an fhoireann iománaíochta/cispheile/rugbaí (ainm an chlub/chontae). Aontaím/ní aontaím/idir dhá chomhairle?



Gníomhaíocht 12: Gníomhaíocht na Liathróide (lth. 11 sa leabhrán)

An sprioc foghlama a bhaineann leis seo: foclóir a bhaineann le pé topaic atá ar bun agat sa rang i rith Sheachtain na Gaeilge nó foclóir a bhaineann le Seachtain na Gaeilge féin a mhúineadh agus a fhoghlaim.

Seo foclóir samplach faoi Sheachtain na Gaeilge a d'fhéadfaí a úsáid:

| | |
|-------------------|----------------------------|
| Leathanach Bebo | Pearsana |
| Fáinne | Mo spás |
| Ceol '08 | Club leabhar |
| Seanchaí | Ciorcal cainte |
| Céilí | Cumann Gaelach |
| Comórtas póstaerí | Beannachtaí |
| Seanfhocail | Stáisiún raidió don aos óg |



Gníomhaíocht 13: Na straitéisí seo - Modh an Teidil/Dán Gearrtha/Tabló/Ról Imirt a úsáid i gcomthéasc aon dán atá bainteach le cúrsaí Gaelacha. (Lth 28-30 sa leabhrán).



Gníomhaíocht 14: Foghlaim ghníomhach – Mínithe céim ar chéim lth. 17 – 19 sa leabhrán



Lúbra Focal: Topaic - Seachtain na Gaeilge

Cuir Gaeilge ar na focail seo agus faigh sa lúbra focal iad:

1. Líon an bearna _____ Ní Thuairisg
2. Irish music
3. Break the Code
4. Games
5. A poetry competition
6. Where you go to do Irish dancing
7. A face of Seachtain na Gaeilge
8. Irish
9. Heritage
10. Posters
11. Youth radio
12. Speed dating
13. Proverbs
14. Fun
15. A quiz

b d a l l g f n i f q h c i s
r i e a t s ó p n z c o o l c
x a b g d u o z u a m a l i ó
d u z r ó c c s l ó r v n a r
a v p k i n u e r p o f i c á
i w y e e s a t s g w s v o i
t s i e c g a n h t á r t h l
h i p e l s l n ó a p í t f s
í x k o d d c i c i j h u n c
ó t e á a d é m e ó d c z a i
s c n u a o i f e a d i m e o
é t o r e l l q r t g u a s p
a e e e j k í t v g h l t r t
o i d h r e a c h t h c w m h
w u u o k g s m g h w j r w a

Scéal an Athrá:

Lá 'le Pádraig

Mórshiúl

Maisiúcháin

Dath glas

Seamróg

Bratach na hÉireann

Flótaí

Nach iontach an lá é, an seachtú lá déag Márta, Lá 'le Pádraig! Cuirtear **maisiúcháin** sna siopaí go léir. Bíonn **seamróg** mór glas i ngach aon chúinne. Feictear **Bratach na hÉireann** ar dhá thaobh na sráide ag luascadh sa ghaoth. Ní féidir éalú ón **dath glas**.

Caitheann an chlann ar fad an **dath glas** seachas mé féin. B'fhéarr liomsa **seamróg** a chaitheamh. Ní bhíonn fonn orm éadaí glasa ar fad a chaitheamh. Go hiondúil, buailim le mo chairde sa bhaile, áit a mbíonn an **mórshiúl** ar siúl. Bíonn gliondar ar gach éinne agus iad ag ligean a scíthe i gcomhlúadar a chéile. Is aoibhinn linn breathnú ar na **flótaí** difriúla, na **maisiúcháin** ag lúbadh, an ceol á sheinnt go haerach agus **bratach na hÉireann** le feiceáil in airde sa spéir.

Is minic a fheictear Naomh Pádraig ina shuí ar na **flótaí**, an **tseamróg** ar a hata ard agus **dath glas** ar a chlóca. Gluaiseann an **mórshiúl** go mall tríd an slua ollmhór a líonann na sráideanna cúnga, gléasta le **maisiúcháin** ar **dhath glas**. Cloistear ceol binn na gcláirseach fite fuaite le beocht an bhosca ceoil, na feadóige agus an bhodhráin. Stopann na **flótaí** ar fad le hais an ardáin agus bíonn deis ag na ceoltóirí a gcuid ceoil a sheinm ós comhair na moltóirí. Is annamh nach mbíonn na ceoltóirí gléasta sa **dath glas**, **seamróg** ar a gcasóga agus **bratach na hÉireann** ós a gcionn. Bronntar duais ar na **flótaí** is fearr.

Le lúí na gréine, fillim abhaile go sona sásta, le **seamróg** fós i mo sheaicéad agus smaoiním siar ar an lá; ar an **mórshiúl**, ar na **flótaí**, ar na **maisiúcháin** agus níos mó ná aon rud eile, ar an **dath glas**!